AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.4.2024
COM(2024) 176 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**An toirmeasc ar chleachtais éagóracha trádála a chur chun feidhme chun seasamh na bhfeirmeoirí agus na n-oibreoirí i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia a neartú – Staid na himeartha**

{SWD(2024) 106 final}

GA GA

# Clár

1. Réamhrá ... 2

1.1. Cúlra ... 2

1.2. Cuspóir agus raon feidhme na Tuarascála seo ... 2

2. Forbhreathnú ginearálta ar thrasuíomh ... 3

3. Pointí sonracha anailíse ... 3

3.1. Raon feidhme an chur i bhfeidhm agus méid an ghnó (Airteagal 1) ... 3

**3.1.1. Oibreoirí slabhra agus caidrimh sholáthair** ... 3

3.2. Cleachtais éagóracha trádála atá toirmiscthe (Airteagal 3) ... 4

3.3. Sásraí forfheidhmithe (Airteagail 4-8) ... 4

**3.3.1. Údaráis forfheidhmiúcháin a ainmniú (Airteagal 4)** ... 4

**3.3.2. Gearáin agus rúndacht (Airteagal 5)** ... 5

**3.3.3. Cumhachtaí na n-údarás forfheidhmithe ainmnithe (Airteagal 6)** ... 6

**3.3.4. Bearta forfheidhmiúcháin agus smachtbhannaí (Airteagal 6)** ... 6

**3.3.5. Forfheidhmiú riaracháin, forfheidhmiú breithiúnach agus réiteach malartach díospóidí** 6

**3.3.6. Comhar i measc na n-údarás forfheidhmithe (Airteagal 8)** ... 7

**3.3.7. Tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na n-údarás forfheidhmithe a fhoilsiú (Airteagal 10)** ... 7

3.4. Rialacha náisiúnta níos déine (Airteagal 9) ... 8

3.5. Fócas ar fhorfheidhmiú trasteorann ... 9

4. Meastóireacht ar an Treoir (Airteagal 12) ... 10

5. Conclúidí ... 10

## 1. RÉAMHRÁ

### 1.1. Cúlra

An 17 Aibreán 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Treoir (AE) 2019/633 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia ('an Treoir')[1].

Tá an Treoir ina ceangal ar gach ceann de na 27 mBallstát. Déantar foráil inti maidir le híosleibhéal comhchuibhithe trí liosta a bhunú de chleachtais éagóracha trádála atá toirmiscthe idir ceannaitheoirí agus soláthróirí i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia. Leagtar síos léi freisin rialacha íosta maidir le forfheidhmiú na dtoirmeasc sin agus maidir le comhar idir na húdaráis forfheidhmithe. Féadfaidh na Ballstáit rialacha náisiúnta a ghlacadh nó a choinneáil a théann thar na cleachtais éagóracha trádála a liostaítear sa Treoir ar choinníoll go bhfuil siad comhoiriúnach leis na rialacha maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Aithníonn an Coimisiún luach na Treorach maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála mar phríomhuirlis bheartais chun seasamh na dtáirgeoirí príomhúla i slabhra an tsoláthair bia a neartú. Tá an tuarascáil seo ar cheann de na bearta láithreacha a liostaítear sa pháipéar machnaimh a díríodh ar an gcomhreachtóir an 15 Márta 2024[2] arb é is aidhm dóibh freagairt do na dúshláin atá ann faoi láthair in earnáil na talmhaíochta agus do na hábhair imní a tharraing feirmeoirí anuas. Sa mheántéarma agus san fhadtéarma, molann an Coimisiún bearta eile freisin lena gcruthófar pacáiste, lena n-áirítear faireachlann costas, corrlach agus cleachtas trádála i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia a sheoladh chun trédhearcacht a mhéadú, leasuithe spriocdhírithe ar an Rialachán maidir le Comheagrú na Margaí[3] ('CEM'), rialacha nua maidir le forfheidhmiú trasteorann cleachtas éagórach trádála agus meastóireacht ar an Treoir faoi 2025.

### 1.2. Cuspóir agus raon feidhme na Tuarascála seo

An 27 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún tuarascáil i láthair maidir le staid thrasuí agus chur chun feidhme na Treorach de réir Airteagal 12, lena gcumhdaítear na 15 Bhallstát a thug fógra faoi thrasuí iomlán faoin 31 Iúil 2021, chomh maith le FR a thug fógra faoi thrasuí páirteach[4].

Cumhdaítear sa tuarascáil seo anois faisnéis maidir le staid an chur chun feidhme i ngach ceann de na 27 mBallstát agus tugtar forbhreathnú inti ar chuid de roghanna trasuite na mBallstát. Ní thagraítear inti ach d'fhorálacha atá sna dlíthe náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála.

---

[1] Treoir (AE) 2019/633 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia, IO L 111, 25.4.2019, lch. 59.

[2] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_24_1493

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, IO L 347, 20.12.2013, lch. 671. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A32013R1308.

[4] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le staid thrasuí agus chur chun feidhme Threoir (AE) 2019/633 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia.

Agus á chur san áireamh go bhfuil an tseiceáil chomhréireachta fós ar siúl - arb é atá i gceist léi measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na mbeart náisiúnta cur chun feidhme le forálacha na Treorach[5] - níl measúnú cinntitheach ar na bearta trasuite sa tuarascáil seo. Ina theannta sin, níl roinnt dlíthe náisiúnta ach díreach modhnaithe agus, cumhdaítear leis an tuarascáil seo modhnuithe ar na dlíthe trasuite ar tugadh fógra oifigiúil fúthu go dtí an 1 Márta 2024.

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nach ndéanann an Coimisiún measúnú i gcomhthéacs na seiceála comhréireachta ar fhorálacha náisiúnta lena gcoinnítear nó lena dtugtar isteach rialacha atá níos déine ná na rialacha a leagtar síos leis an Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála. D'fhéadfadh na forálacha sin a bheith faoi réir iarraidh ar fhaisnéis nó imscrúdú breise.

Tá doiciméad inmheánach oibre ag gabháil leis an tuarascáil seo ina dtugtar tuilleadh mionsonraí, go háirithe maidir le roghanna trasuite na mBallstát.

## 2. FORBHREATHNÚ GINEARÁLTA AR THRASUÍOMH

De réir Airteagal 13 den Treoir, bhí ar na Ballstáit an Treoir a thrasuí ina ndlíthe náisiúnta faoin 1 Bealtaine 2021. Faoi mhí na Nollag 2022, bhí gach Ballstát tar éis fógra faoi thrasuí iomlán a thabhairt don Choimisiún[6].

## 3. POINTÍ SONRACHA ANAILÍSE

### 3.1. Raon feidhme an chur i bhfeidhm agus méid an ghnó (Airteagal 1)

Roghnaigh sé Bhallstát na bearta trasuite a chur i bhfeidhm gan beann ar mhéid gnó[7] na soláthróirí nó na gceannaitheoirí. Tagraíonn gach Ballstát eile, go pointe áirithe, do mhéid an ghnó arna thomhas i láimhdeachas bliantúil mar ionadú do chumhacht mhargála na n-oibreoirí atá le cosaint, lena dteorannaítear raon feidhme chur i bhfeidhm na reachtaíochta a glacadh nó codanna di, dá bhforáiltear sa Treoir.

#### 3.1.1. Oibreoirí slabhra agus caidrimh sholáthair

Maidir leis an gcaidreamh idir soláthróirí agus ceannaitheoirí táirgí talmhaíochta agus bia, chinn tromlach na mBallstát an raon feidhme earnála agus pearsanta mar a shainmhínítear sa Treoir é[8].

Leathnaigh LV an raon feidhme chun caidrimh idir soláthróirí agus miondíoltóirí (amháin) táirgí neamhbhia a chumhdach. Chuimsigh SK daoine dlítheanacha nach oibreoirí gnó iad faoi shainmhíniú an cheannaitheora agus an tsoláthróra. Roghnaigh ES cosaint na n-oibreoirí uile feadh an tslabhra (lena n-áirítear ceannaitheoirí).

---

[5] Bosca uirlisí um rialáil níos fearr (2023).

[6] Treoir - 2019/633 - GA - EUR-Lex (europa.eu).

[7] CY, EE, ES, FR, IT, SK. Agus cur i bhfeidhm ginearálta na reachtaíochta cur chun feidhme á choinneáil gan beann ar mhéid an ghnó, rinne cuid de na Ballstáit sin tagairt do mhéid an ghnó chun foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí nó éagsúlachtaí áirithe. E.g., in CY, tá éagsúlacht i sprioc-amanna íocaíochta bunaithe ar mhéid an ghnó i gcás táirgí arna seachadadh go tráthrialta ag soláthróirí fíonchaor chun fíon a tháirgeadh do cheannaitheoirí a bhfuil láimhdeachas bliantúil níos lú ná EUR 2 000 000 acu; Ní bhaineann reachtaíocht na Spáinne le gnólachtaí óstáin, bialainne ná lónadóireachta a bhfuil láimhdeachas níos lú ná EUR 10 milliún acu; agus gnólachtaí atá i mbun seirbhísí cóiríochta a bhfuil láimhdeachas níos lú ná EUR 50 milliún acu.

[8] Tá eisiamh cineálacha áirithe ceannaitheoirí (e.g., comharchumainn) ag roinnt Ballstát faoi réir na seiceála comhréireachta atá fós ar siúl.

## 3.2. Cleachtais éagóracha trádála atá toirmiscthe (Airteagal 3)

Leis an Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit liosta de chleachtais éagóracha trádála a thoirmeasc, agus iad a roinnt ina dhá ghrúpa toirmeasc: (i) toirmisc *per se* nó toirmisc neamhchoinníollach ('an dúliosta') agus (ii) toirmisc choinníollacha ('liosta liath'), is é sin cleachtais trádála a bhfuil toirmeasc orthu ach amháin má chomhaontaítear iad i dtéarmaí soiléire gan débhrí roimh ré sa chomhaontú soláthair nó i gcomhaontú ina dhiaidh sin idir an soláthróir agus an ceannaitheoir (Airteagal 3(2)). Sainmhínítear gach cleachtas go sonrach sa Treoir. Féadfaidh na Ballstáit rialacha náisiúnta a ghlacadh nó a choinneáil a théann thar na cleachtais éagóracha trádála a liostaítear sa Treoir ar choinníoll go bhfuil siad comhoiriúnach leis na rialacha maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Agus iad i gcomhréir leis na ceanglais forordaithe, féadfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh freisin:

- úsáid a bhaint as clásail ghinearálta chun raon feidhme na dtoirmeasc a leathnú chun cleachtais a chumhdach nach bhfuil liostaithe go sonrach;
- cleachtais eile a chur leis na liostaí;
- raon feidhme na dtoirmeasc liostaithe a leathnú nó iad a dhéanamh níos déine;
- cleachtais a aistriú ón 'liosta liath' go dtí an 'dúliosta'.

Tá mionsonraí maidir le roghanna trasuite ag na Ballstáit, lena n-áirítear cleachtais aonair, ar fáil sa doiciméad inmheánach oibre. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar dhá chleachtas atá san áireamh sa 'dúliosta' toisc gur féidir leis na Ballstáit éagsúlachtaí a chur ar fáil laistigh de theorainneacha áirithe:

- **Moilleanna ar íocaíocht**: Tá 16 Bhallstát[9] de na 27 mBallstát ag cur i bhfeidhm fhorálacha na Treorach lena ndéantar idirdhealú idir díolacháin táirgí meatacha (téarma íocaíochta 30 lá) agus díolacháin táirgí neamh-mheatacha (téarma 60 lá), agus cuireann 11[10] Bhallstát moilleanna ar íocaíocht níos déine i bhfeidhm.

  Rinne na Ballstáit uile, seachas BE, EE, HU, SE agus SK, sainmhíniú na Treorach ar tháirgí meatacha a ionchorprú ina reachtaíocht trasuite. Tá sainmhínithe éagsúla ag FR ar tháirgí atá 'meatach' agus 'an-mheatach'. Chuir HR agus SI liosta de tháirgí meatacha lena reachtaíocht trasuite, ach dhílsigh LT d'institiúid, arna húdarú ag an Rialtas, leis an gcumhacht chun liosta de tháirgí meatacha a fhormheas.

- **Orduithe a chur ar ceal faoi ghearrfhógra:** Cuimsíonn gach Ballstát an tréimhse 30 lá mar íoschaighdeán chun orduithe a chur ar ceal, seachas EE, HU agus SK. Déanann sé Bhallstát foráil maidir leis an bhféidearthacht tréimhsí níos lú ná 30 lá a shocrú d'earnálacha sonracha i gcásanna a bhfuil údar cuí leo (e.g., earraí atá an-mheatach)[11].

## 3.3. Sásraí forfheidhmithe (Airteagail 4-8)

### 3.3.1. Údaráis forfheidhmiúcháin a ainmniú (Airteagal 4)

D'ainmnigh gach ceann de na 27 mBallstát údarás amháin nó níos mó ('údaráis forfheidhmithe') chun na toirmisc a leagtar síos in Airteagal 3 a fhorfheidhmiú ar an leibhéal

[9] AT, CY, DE, DK, EL, ES, FR, HR, IE, IT, LU, LV, MT, NL, PL, SI.
[10] BE, BG, CZ, EE, FI, HU, LT, PT, RO, SE, SK.
[11] BE, DK, FR, IE, IT, SE.

náisiúnta. Tá sonraí teagmhála agus suíomhanna gréasáin na n-údarás ar fáil ar shuíomh gréasáin tiomnaithe[12].

Tá údaráis riaracháin roghnaithe ag na Ballstáit uile agus roghnaigh a bhformhór na príomhchumhachtaí forfheidhmiúcháin a shannadh dóibh: aon Bhallstát déag a shann d'údarás iomaíochta iad[13]; sé cinn d'údarás um an margadh bia[14]; cúig cinn dá nAireacht Talmhaíochta[15]; dhá cheann d'údarás atá i gceannas ar chleachtais tráchtála éagóracha san earnáil agraibhia a chomhrac[16]; dhá cheann do chomhlacht rialtais laistigh den Aireacht Geilleagair agus Airgeadais[17]; agus ceann amháin d'údarás ar son tomhaltóirí agus margaí[18]. Tá cuid de na cumhachtaí forfheidhmiúcháin a rialaítear leis an Treoir dílsithe do Chúirt ag cuid acu[19].

D'ainmnigh trí Bhallstát (EL, LT[20] agus RO) dhá údarás, agus ba é an t-údarás iomaíochta an dara ceann.

### 3.3.2. Gearáin agus rúndacht (Airteagal 5)

Faoi na hionstraimí trasuite uile ar tugadh fógra fúthu don Choimisiún, ní hamháin go bhfuil sé de cheart ag soláthraithe aonair, ach ag eagraíochtaí táirgeoirí nó ag eagraíochtaí eile soláthróirí agus comhlachais na n-eagraíochtaí sin freisin, gearán a chur faoi bhráid an údaráis forfheidhmithe ainmnithe.

Rinne formhór mór ionstraimí trasuite na mBallstát foráil maidir le modhanna chun rúndacht chéannacht an ghearánaigh a chosaint, a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh dá leasanna nó do leasanna a gcomhaltaí nó a soláthróirí[21]. Ba cheart na coimircí sin a ghlacadh de ghnáth arna iarraidh sin don soláthróir[22]; mar sin féin, déantar foráil i roinnt beart náisiúnta trasuite maidir le tionscnamh údaráis i ndáil leis sin[23]. I bhformhór na gcásanna, iarrtar ar na gearánaigh an fhaisnéis a n-iarrann siad rúndacht ina leith a shainaithint[24]. Os a choinne sin, faoi dhlí na Polainne, coinnítear céannacht agus faisnéis an ghearánaigh, a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh don ghearánach, faoi rún i gcónaí ach amháin má cheadaíonn an gearánach sin a nochtadh i scríbhinn. In ES, déantar foráil sa dlí maidir le cosaint chéannacht an ghearánaigh freisin le linn imeachtaí breithiúnacha. I roinnt Ballstát, áirítear leis na hionstraimí trasuite an fhéidearthacht scor de na himeachtaí i gcás ina nochtfaí faisnéis rúnda dá leanfaí leo[25]. In LT,

[12] https://ec.europa.eu/info/food-farming-fisheries/key-policies/common-agricultural-policy/market-measures/agri-food-supply-chain/unfair-trading-practices_en.

[13] AT, BG, CZ, DK, EE, HR, LU, LV, PL, SE, SI.

[14] DE (Oifig Chónaidhme Talmhaíochta agus Bia, arna hainmniú ag an Aireacht Chónaidhme), ES (an Ghníomhaireacht um Fhaisnéis agus Rialú Bia (AICA)), FI (Ombudsman an Mhargaidh Bia), HU (Oifig Sábháilteachta an tSlabhra Bia, arna hainmniú ag an Rialtas), LT (an Ghníomhaireacht Forbartha Gnó agus Margaí Tuaithe) agus PT (an tÚdarás Eacnamaíoch agus Sábháilteachta Bia (ASAE - Autoridade de Segurança Alimentar e Económica)).

[15] CY, IE, IT (roinn inmheánach den Aireacht), RO, SK.

[16] EL, MT.

[17] I gcás FR, DGCCRF (an Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Iomaíochta, Gnóthaí Tomhaltóirí agus Rialú Calaoise); i gcás BE, an Ard-Stiúrthóireacht um Chigireacht Eacnamaíoch ar Gheilleagar FPS.

[18] NL.

[19] Mar sin, go háirithe, i gcás na cumhachta chun smachtbhannaí a fhorchur (AT, FI, FR).

[20] Níl inniúlacht ag an dara húdarás forfheidhmithe ach amháin maidir le cleachtais a bhíonn ag miondíoltóirí a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu.

[21] Mar sin féin, i roinnt Ballstát (e.g., LV, PT, SE), áirithítear rúndacht maidir le céannacht amháin ach níl sin amhlaidh maidir le faisnéis íogair eile.

[22] Gach Ballstát seachas AT, FI, FR, LV, PL, SE. Ina measc sin, leagtar amach i ndlí BG nach mór céannacht an ghearánaigh a choinneáil faoi rún i gcónaí.

[23] e.g. HU.

[24] BE, BG, CY, DK, EL, ES, IE, IT, LU, NL SI.

[25] AT, BE, CY, DE, DK, EE, FI, IT, MT, PT.

tá sé de rogha ag an údarás forfheidhmithe iarraidh ar rúndacht a dhiúltú má tá luach fianaise ag an bhfaisnéis shonrach maidir leis an sárú a shuí. Tugtar aghaidh go sainráite, áfach, ar ghearáin anaithnide ina reachtaíocht.

### 3.3.3. Cumhachtaí na n-údarás forfheidhmithe ainmnithe (Airteagal 6)

Sannann formhór na mBallstát na cumhachtaí a fhorordaítear le hAirteagal 6 do na húdaráis forfheidhmithe ainmnithe, is iad sin:

- cumhachtaí imscrúdúcháin agus faireacháin[26];
- an chumhacht cinntí a ghlacadh nuair a dhéantar sárú ar na toirmisc atá leagtha síos in Airteagal 3 [27];
- an chumhacht ceangal a chur ar an gceannaitheoir deireadh a chur leis an gcleachtas trádála atá toirmiscthe[28];
- an chumhacht chun fíneálacha agus pionóis eile atá chomh héifeachtach céanna [29] agus bearta eatramhacha atá dírithe ar údar an tsáraithe a fhorchur, nó imeachtaí a thionscnamh chun na nithe sin a fhorchur, i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta[30] agus
- an chumhacht chun na cinntí a dhéantar a fhoilsiú[31].

I naoi mBallstát, tá sé de chumhacht ag an údarás forfheidhmithe freisin gealltanais atá le déanamh ag an sáraitheoir a rinne an sárú[32] a bhailíochtú,[33] nó rabhaidh nó moltaí a eisiúint má tharlaíonn sárú[34].

### 3.3.4. Bearta forfheidhmiúcháin agus smachtbhannaí (Airteagal 6)

Cuimsíonn bearta forfheidhmiúcháin raon leathan ionstraimí, lena n-áirítear smachtbhannaí, leigheasanna, agus gealltanais. Is iad na bearta is coitianta atá ar fáil d’údaráis náisiúnta forfheidhmithe smachtbhannaí airgeadais (fíneálacha nó pionóis eile atá chomh héifeachtach céanna), dá bhforáiltear i ngach ceann de na 27 mBallstát.

### 3.3.5. Forfheidhmiú riaracháin, forfheidhmiú breithiúnach agus réiteach malartach díospóidí

Is féidir formhór na mbeart agus na sásraí forfheidhmithe a mheas mar fhorfheidhmiú riaracháin.

Tagraítear go sainráite i ngníomhartha trasuite roinnt Ballstát d’fhorfheidhmiú riaracháin agus breithiúnach araon. Leagtar amach i reachtaíocht na hOstaire agus na Fionlainne go bhforchoimeádtar cumhachtaí áirithe (e.g. pionóis) don chúirt, ach (in FI) féadfaidh an t-údarás riaracháin agus breithiúnach araon bearta eile (amhail urghairí) a ghlacadh. In FR, féadfaidh an t-údarás riaracháin urghairí agus fíneálacha riaracháin a eisiúint, ach féadfaidh an chúirt

[26] Gach Ballstát.
[27] Gach Ballstát seachas EE, ES, FI, SI, SK.
[28] Gach Ballstát seachas AT, HU.
[29] Gach Ballstát (i gcás AT: cumhacht na Cúirte maidir le Cairtéil; i gcás FI: cumhacht na Cúirte).
[30] Dá bhforáiltear go sonrach sna bearta náisiúnta trasuite in: BG, DK, EL, FI, FR, ES, IE, LT, LU, LV, NL, PT, RO.
[31] Gach Ballstát seachas CZ, LV, PT.
[32] BE, BG, CZ, HR, HU, PL.
[33] BE, FI, LV.
[34] EL.

urghairí, bearta ceartaitheacha agus pionóis shibhialta a ghlacadh (*amendes civiles*). Sonraítear i reachtaíocht na Bulgáire nach féidir leis an institiúid atá freagrach as imeachtaí sonracha faoin reachtaíocht trasuite cosc a chur ar pháirtí i gcomhaontú soláthair sásamh a lorg trí bhíthin nós imeachta bunaithe eile, lena n-aithnítear go hintuigthe ról na bhforfheidhmitheoirí eile, lena n-áirítear cúirteanna. Sonraítear i reachtaíocht na Laitvia gur faoi nósanna imeachta a leagtar síos sa dlí maidir le nós imeachta sibhialta, gur féidir le cúirt, i gcomhthráth leis an gComhairle Iomaíochta, a shuí freisin ar tharla sárú ar an dlí trasuite nó nár tharla.

Úsáideann roinnt Ballstát córas leigheasanna comhthreomhara, áfach, gan foráil a dhéanamh maidir le rialacha sonracha i dtaca le comhordú idir údaráis riaracháin agus údaráis bhreithiúnacha.

### 3.3.6. Comhar i measc na n-údarás forfheidhmithe (Airteagal 8)

De bhun Airteagal 8(3), tá suíomh gréasáin poiblí curtha ar bun ag an gCoimisiún[35], ina dtugtar sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta forfheidhmithe agus naisc chuig a suíomhanna gréasáin faoi seach. Ina theannta sin, tá fóram digiteach curtha ar bun ag an gCoimisiún chun malartú faisnéise a éascú.

Tar éis dó na Ballstáit a thionlacan go dlúth ina bpróiseas trasuite féin trí chruinnithe tráthrialta, freagraí a thabhairt ar cheisteanna cur chun feidhme, agus os cionn 50 freagra aonair a thabhairt i scríbhinn maidir le cur chun feidhme, d'éascaigh an Coimisiún bunú an Líonra um Fhorfheidhmiú na Treorach maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála ('an Líonra'). Tá an Líonra comhdhéanta d'ionadaithe ó na húdaráis náisiúnta forfheidhmithe agus, téann sé i mbun plé maidir le cur i bhfeidhm na Treorach ar bhonn thuarascálacha bliantúla na mBallstát (Airteagal 10(2)). Is é is aidhm dó cur chuige comhchoiteann a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm na rialacha a leagtar amach sa Treoir mar aon le dea-chleachtais, forbairtí nua agus uirlisí forfheidhmiúcháin nua a chomhroinnt. Ina theannta sin, féadfaidh sé moltaí a eisiúint mar chuid dá iarrachtaí comhoibríocha chun an creat forfheidhmiúcháin a fheabhsú.

Ó bunaíodh é i mí an Mheithimh 2022, tháinig an Líonra le chéile faoi dhó ar leibhéal cheannairí na n-údarás forfheidhmithe agus faoi dhó ar an leibhéal teicniúil. Thairis sin, tháinig sé le chéile i gcruinnithe fócais chun plé domhain a dhéanamh ar ábhair shonracha de chineál teicniúil. Tionóladh cúig chruinniú fócais den sórt sin ó bhí 2022 ann. Ba iad na téamaí a pléadh, mar shampla, tairseacha láimhdeachais a ríomh, forfheidhmiú trasteorann, agus comhghuaillíochtaí ceannaigh. Leis an bplé maidir le forfheidhmiú trasteorann, bhíothas in ann réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu a shainaithint, réimsí a shonraítear i roinn 3.5.

### 3.3.7. Tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na n-údarás forfheidhmithe a fhoilsiú (Airteagal 10)

Chun feabhas a chur ar inrochtaineacht na dtuarascálacha bliantúla arna bhfoilsiú ag na húdaráis náisiúnta forfheidhmithe ar a suíomhanna gréasáin (Airteagal 10(1)), tá sé beartaithe ag an gCoimisiún forbhreathnú comhdhlúite ar na naisc chucu a fhoilsiú ar leathanach gréasáin maidir le cleachtais éagóracha trádála[36] in 2024.

Ós rud é gur cuireadh tús le dlíthe náisiúnta trasuite a chur i bhfeidhm maidir le comhaontuithe nua an 1 Samhain 2021, agus ar a dhéanaí 12 mhí tar éis fhoilsiú na ndlíthe sin le haghaidh

[35] https://agriculture.ec.europa.eu/common-agricultural-policy/agri-food-supply-chain/unfair-trading-practices_en.
[36] https://agriculture.ec.europa.eu/common-agricultural-policy/agri-food-supply-chain/unfair-trading-practices_en.

conarthaí atá ann cheana, chonacthas amlínte trasuímh éagsúla ó Bhallstát go chéile. De thoradh na héagsúlachta sin, bhí éagsúlachtaí ann i líon na gcásanna forfheidhmiúcháin a tuairiscíodh go dtí seo[37]. Díríonn roinnt Ballstát ar threoir a thabhairt do sholáthróirí agus do cheannaitheoirí chun comhlíonadh na rialacha a áirithiú, ach rinne Ballstáit eile fiosruithe san earnáil agraibhia nó d'oscail siad roinnt imscrúduithe féintionscnaimh (i.e., imscrúduithe nach bhfuil bunaithe ar ghearáin nó leideanna). In 2023, is ó ES a tháinig thart ar 75 % de chásanna agus d'imscrúduithe féintionscnaimh mar gheall ar an taithí forfheidhmithe a fuarthas roimhe seo agus na hacmhainní a bhí ar fáil. Braitheadh 269 sárú (thart ar 27 % de na himscrúduithe a dúnadh), rud a d'fhág go raibh smachtbhanna airgeadais foriomlán os cionn EUR 22 milliún ann. Ní hionann leibhéal na smachtbhannaí airgeadais laistigh den Aontas.

Ba iad na cleachtais éagóracha trádála ba mhinice a braitheadh íocaíochtaí déanacha le haghaidh táirgí meatacha (tar éis 30 lá) nó táirgí neamh-mheatacha (tar éis 60 lá) táirgí talmhaíochta agus bia (50 % agus 13 %), íocaíochtaí nach mbaineann le hidirbheart ar leith (7 %), íocaíochtaí a iarradh ar an soláthróir as gníomhaíochtaí margaíochta (7 %) agus as stocáil, taispeáint agus liostú (7 %). Sainaithníodh thart ar 41 % de na cleachtais éagóracha trádála a braitheadh ar an leibhéal miondíola (47 % in 2022), 36 % ar leibhéal na próiseála (27 % in 2022) agus 22 % ar an leibhéal mórdhíola (25 % in 2022).

Tá forbhreathnú ar shonraí comhiomlánaithe maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin na mBallstát in 2022 agus i bpáirt le haghaidh 2023[38] le fáil sa doiciméad inmheánach oibre.

Sa chomhthéacs sin, is fiú a chur i dtábhacht go mbraitheann líon na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a dhéantar ar acmhainní daonna a bheith ar fáil sna húdaráis faoi seach a bhfuil a bpríomh-leithdháileadh chun na dlíthe maidir le cleachtais éagóracha trádála a fhorfheidhmiú éagsúil ó Bhallstát go chéile[39].

### 3.4. Rialacha náisiúnta níos déine (Airteagal 9)

De réir Airteagal 9 den Treoir, féadfaidh na Ballstáit rialacha níos déine a thabhairt isteach chun leibhéal níos airde cosanta a áirithiú, ar choinníoll go bhfuil siad comhoiriúnach leis na rialacha maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh sé sin le raon feidhme níos déine, mar a luaitear thuas, nó le cleachtais nach luaitear sa Treoir, amhail e.g. an toirmeasc ar dhíol nó ceannach faoi bhun costais táirgthe, athdhíol rudaí faoina luach nó faoi bhun a bpraghas ceannaigh nó aon oibleagáid eile leibhéal áirithe praghsanna a urramú.

Ní rialaítear 'díolacháin nó ceannacháin faoi bhun costais' agus 'athdhíol rudaí faoina luach' go sonrach leis an Treoir ná leis an Rialachán maidir le Comheagrú na Margaí. Cé go bhfuil foráil maidir le 'díol nó ceannach faoi bhun an chostais táirgthe' tugtha isteach ag ceithre Bhallstát[40], rinne trí Bhallstát foráil maidir le 'athdhíol rudaí faoina luach'[41] agus rinne dhá Bhallstát foráil maidir le hoibleagáid eile leibhéal áirithe praghsanna a urramú[42].

[37] D'fhéadfadh tuairisciú líon na gcásanna a bheith ag brath freisin ar rialacha inmheánacha na n-údarás forfheidhmithe agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sin a bheidh faoi bhun nó os cionn líon iarbhír na gcásanna.
[38] Faoi sprioc-am an 15 Márta 2024, níor sheol ach 18 mBallstát a dtuarascáil bhliantúil chuig an gCoimisiún.
[39] Mar shampla, de réir Thuarascáil Mheastóireachta na Gearmáine, cruthaíonn acmhainní teoranta pearsanra mar aon le hiarrachtaí fairsinge imscrúdaithe dúshláin d'obair an údaráis forfheidhmithe. https://www.bmel.de/SharedDocs/Downloads/DE/_Internationales/aussenwirtschaftspolitik/evaluierungsbericht-agrarolkg.html.
[40] ES, HR, HU, IT.
[41] ES, HU, RO.
[42] ES, IT.

## 3.5. Fócas ar fhorfheidhmiú trasteorann

In 2019, tháinig 17 % de tháirgí talmhaíochta an Aontais a thomhlaítear i mBallstát amháin ó Bhallstát eile[43]. Meastar go mbaintear tairbhe as an malartú faisnéise maidir le cineálacha cur chuige forfheidhmiúcháin ginearálta sa Líonra agus gur léiriú iad gur éirigh leis an Treoir. Tugtar le fios sa phlé i measc na n-údarás forfheidhmithe sa Líonra go bhféadfadh sé nach mbeadh bunús dlí leordhóthanach i gcónaí leis an oibleagáid ghinearálta in Airteagal 8 cúnamh frithpháirteach a thabhairt dá chéile in imscrúduithe trasteorann chun comhar agus forfheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú. Is amhlaidh atá go háirithe i gcásanna trasteorann ina bhfuil na ceannaitheoirí a bhfuil baint acu le cleachtais trádála lonnaithe i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuil an soláthróir bunaithe. I gcásanna den sórt sin, is gá faisnéis rúnda a mhalartú, bearta forfheidhmiúcháin a d'fhéadfaí a ghlacadh in aghaidh ceannaitheoir atá bunaithe i mBallstát eile seachas Ballstát údarás forfheidhmithe an tsoláthróra, nó cásanna a ath-leithdháileadh ar fud líonra na n-údarás forfheidhmithe, chomh maith le fíneálacha a bhailiú. D'fhéadfadh saincheisteanna a bhaineann le teangacha a úsáidtear sna malartuithe a bheith i gceist freisin. Is féidir leis na roghanna éagsúla maidir leis na cineálacha údarás forfheidhmithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit difear a dhéanamh do dheacrachtaí den sórt sin freisin (e.g., tá uirlisí dlí ar fáil d'údaráis iomaíochta a chuireann ar a gcumas comhoibriú le chéile ar bhealach níos éasca ná le húdaráis forfheidhmithe eile). Ina theannta sin, d'fhéadfadh ceannaitheoirí táirgí talmhaíochta agus bia táirgí a fhoinsiú i roinnt Ballstát, rud a thugann le fios go bhfuil gá le gníomhaíocht chomhordaithe ó na húdaráis forfheidhmithe. Sa chomhthéacs sin, measann an Coimisiún go bhféadfadh gá a bheith le rialacha nua maidir le forfheidhmiú trasteorann in aghaidh cleachtais éagóracha trádála[44]. Bheadh sé d'aidhm ag na rialacha nua sin feabhas a chur ar an malartú faisnéise idir na húdaráis forfheidhmithe inniúla nó foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht gníomhaíochtaí comhordaithe a dhéanamh i gcoinne ceannaitheoirí i gcomhthéacs trasteorann.

Bhí cuid den phlé a rinneadh sa Líonra dírithe ar chineál trasteorann láimhseáil gearán maidir le cleachtais éagóracha trádála i ndáil le comhghuaillíochtaí ceannaigh[45]. Cé gur fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil comhghuaillíochtaí ceannaigh faoi réir na Treorach maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála cosúil le ceannaitheoir ar bith eile agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon chúis ar leith ann le caitheamh leo ar bhealach éagsúil, le linn mhalartuithe an líonra, cuireadh i dtábhacht na dúshláin a bhaineann lena suíomh, atá i gcásanna áirithe lasmuigh den Aontas agus ar an mbrú a chuirtear ar acmhainní an údaráis forfheidhmithe.

I dtuarascáil ón Airmheán Comhpháirteach Taighde[46] i mí na Bealtaine 2020[47], sonraítear gur féidir le comhghuaillíochtaí ceannaigh náisiúnta agus Eorpacha ról a bheith acu maidir le hiomaíocht a chothú i slabhra an tsoláthair bia agus tionchar dearfach a bheith acu ar phraghsanna do thomhaltóirí[48]. An tráth céanna, thángthas ar an gconclúid ann freisin nach bhfuil an ról atá ag comhghuaillíochtaí ceannaigh ar ghníomhaithe réamhtheachtacha, amhail

[43] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=comnat:SWD_2021_0317_FIN (lch. 17, fíor 7).

[44] Bearta breise an Choimisiúin chun tacú le feirmeoirí an Aontais (europa.eu).

[45] Rinne ceithre údarás náisiúnta forfheidhmithe (CZ, FR, IT, SE) imscrúdú ar ionaid cheannaigh nó ar chomhghuaillíochtaí ceannaigh ar an leibhéal Eorpach nó tá an méid sin á imscrúdú acu faoi láthair.

[46] I Ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa maidir le comhghuaillíochtaí ceannaigh, iarradh ar an gCoimisiún anailís dhomhain a dhéanamh ar mhéid agus ar éifeachtaí comhghuaillíochtaí ceannaigh náisiúnta agus idirnáisiúnta.

[47] Stór Foilseachán an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde - Comhghuaillíochtaí miondíola i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia (europa.eu).

[48] In 2023, dhún an Coimisiún imscrúduithe ar dhá chomhghuaillíocht miondíola idirnáisiúnta. Níor tháinig an Coimisiún ar aon fhianaise ar éifeachtaí frithiomaíocha agus chinn sé, ina ionad sin, gur chuir na lacáistí a fuair na comhghuaillíochtaí le straitéisí praghsála foriomlána na miondíoltóirí, rud a chuir ar a gcumas dóibh praghsanna miondíola a laghdú chun praghsáil iomaitheoirí a mheaitseáil nó gearradh fúithi', féach: Antitrust: Commission closes antitrust investigations into AgeCore and Coopernic' MEX/23/3847 (an Bhruiséil, 13 Iúil 2023).

feirmeoirí soiléir agus go bhfuil gá le himscrúdú breise. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na torthaí sin a thabhairt cothrom le dáta le linn 2024.

## 4. Meastóireacht ar an Treoir (Airteagal 12)

Sonraítear sa Treoir go ndéanfaidh an Coimisiún an chéad mheastóireacht ar an[49] Treoir faoin 1 Samhain 2025. Beidh an mheastóireacht bunaithe ar an toradh a bheidh ar staidéar tacaíochta, ar faoina chuimsiú a eagrófar comhairliúcháin spriocdhírithe iomchuí leis na páirtithe leasmhara, na soláthróirí agus na ceannaitheoirí uile lena mbaineann.

Chun cur leis an meastóireacht sin, **tá suirbhéanna bliantúla *inter alia*, á ndéanamh ag an gCoimisiún, ar fud thíortha uile an Aontais,** ag tosú le suirbhé bonnlíne in 2020[50].

Thairis sin, tá a gcéad mheastóireachtaí féin déanta ag roinnt Ballstát cheana féin, amhail DE[51] agus SE[52].

## 5. Conclúidí

Is é is aidhm don Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála dul i ngleic leis an reachtaíocht náisiúnta ilroinnte a bhí ann roimhe seo trí chomhchuibhiú íosta ar leibhéal an Aontais. Faoi mhí na Nollag 2022, bhí an Treoir sin trasuite ag na Ballstáit uile ina ndlíthe náisiúnta.

Tá leibhéal cosanta atá níos airde ná an t-íosleibhéal a bhunaítear leis an Treoir glactha ag tromlach mór na mBallstát. Is féidir rialacha náisiúnta níos déine ná rialacha na Treorach a bheith ann, ar choinníoll go n-urramaíonn siad rialacha mhargadh inmheánach an Aontais. Tríd is tríd, leanann na Ballstáit an cur chuige earnála agus cuireann siad an Treoir i bhfeidhm laistigh den slabhra agraibhia amháin. I dtéarmaí raon feidhme, imíonn níos mó ná leath de na Ballstáit ó na catagóirí láimhdeachais mar a shainmhínítear sa Treoir iad, cuireann cuid acu na rialacha i bhfeidhm gan beann ar láimhdeachas na n-oibreoirí lena mbaineann. Tá an chuid is mó de na Ballstáit tar éis liosta na gcleachtas éagórach trádála a leathnú trí thoirmisc na Treorach a dhéanamh níos déine, mar shampla, trí chleachtais 'dhubha' a dhéanamh de chleachtais 'liatha' nó trí níos mó toirmeasc ar chleachtais trádála ná na cinn atá sa Treoir a chur leis. Os a choinne sin, tá na Ballstáit nach raibh reachtaíocht i bhfeidhm acu sula raibh an Treoir ann ailínithe, tríd is tríd, le raon feidhme na Treorach. Níl an tseiceáil chomhréireachta lena ndéantar measúnú ar chomhoiriúnacht na mbeart náisiúnta cur chun feidhme leis an Treoir tugtha i gcrích fós, áfach.

Rinne líonra na n-údarás náisiúnta forfheidhmithe, i sraith cruinnithe, comhoibriú le chéile, rinne dea-chleachtais a mhalartú maidir le forfheidhmiú na Treorach nua sin agus d'oibrigh sé ar bhealaí chun comhar a neartú i réimsí áirithe amhail forfheidhmiú trasteorann. Cuirfidh seoladh faireachlann nua costas, corrlach agus cleachtas trádála i slabhra an tsoláthair agraibhia le trédhearcacht agus muinín a mhéadú.

Is cuspóirí beartais tábhachtacha iad feabhas a chur ar sheasamh feirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia, tacú lena n-ioncam agus luach saothair cothrom a áirithiú d'fhonn tacú le hiomaíochas, inbhuanaitheacht agus athléimneacht na hearnála talmhaíochta. Neamhionannais agus ábhair imní a bhraitear maidir le hinmharthanacht na gníomhaíochta talmhaíochta a

[49] Slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia - cleachtais éagóracha trádála a chomhrac (europa.eu).
[50] Cleachtais Éagóracha Trádála (europa.eu).
[51] Meastóireacht DE.
[52] Meastóireacht SE.

bhaineann, i measc nithe eile, leis na míchothromaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith sa chumhacht mhargála chun dochair d'fheirmeoirí, chuir an méid sin le hagóidí feirmeoirí le déanaí. Léiríonn na bearta a chumhdaítear leis an bpáipéar machnaimh thuasluaite an tábhacht a leagann an Coimisiún ar sheasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú.

Cé gur ionstraim í a tháinig isteach le déanaí, tugann an Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála freagra ar roinnt de na hábhair imní sin, trí ligean d'fheirmeoirí agus do sholáthróirí atá níos laige i slabhra an tsoláthair bia oibriú ar bhealach níos sábháilte agus níos éifeachtúla a bhuí le cleachtais trádála níos cothroime, agus iad féin a chur in iúl agus gearán a dhéanamh ar bhealach níos éasca. Tá borradh faoin bhforfheidhmiú agus cuirfidh sé le leibhéal cosanta feirmeoirí agus soláthróirí níos laige atá ag dul i méid i gcónaí. An mheastóireacht atá beartaithe le haghaidh 2025, is é sin an t-am chun machnamh a dhéanamh ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann an Treoir féin agus a paraiméadair a choigeartú i dtéarmaí raon feidhme nó na gcleachtas atá i gceist.